theorainn baile  fearainn agus dá bhrí sin go bhfuil siad sean go leoir.  Nuair atá sibh ag déanamh an suirbhé allamuigh, breac síos na cineálach difriúl teorann atá le fáil laistigh den bhaile fearainn agus cá bhfuil fáil orthu. Déan taifead ar na plandaí atá le fáil sna fálta sceach agus cumas ghinearálta na bhfálta sceach.  Tá cuid mhaith de na teorainn bainte as ó cuireadh an mapa 6 orlach OS atá in úsáid agat le chéile.  Má tá, déan iarracht céatadán na teorann atá bainte as a dhéanamh amach.

## Talamh Féarach Cois Cósta, Cinn Mhara, Co. na Gaillimhe

An bhfuil aon gnéithe neamhchoitianta bainteach leis na teorainn m.sh. i nDún an Úchta tá roinnt bearnaí fiaigh le fáil sna teorainn páirce.  Tá fiach sionnach mar ghné den oidhreacht áitiúil agus fágadh na bearnaí seo chun an gníomhaíocht seo a éascú.

Nuair atá tú ag taifead teorainn na páirce coinnigh súil amach do ghnéithe ar nós cuaillí geata cloiche – bíonn dearadh áitiúil ag a bhformhór – agus sean gheataí páirceanna, ar mó seans a tháinig as ceárta áitiúil agus seans ainm nó marc an gabha orthu.  Tóg grianghraif agus sceitsí agus marcáil cá bhfuil fáil orthu ar an mapa.



*Bearna gheata le piléir agus strapaí chloiche gach aon taobh de,*
*Dún an Úchta, Co. na Gaillimhe*



*Léicin ag Portach Chluain Fearta*

## CATAGÓIR 3
## Seandálaíocht

Is dóibh gurb í an tseandálaíocht an ghné is mó a ndéanann grúpaí oidhreachta pobail áitiúil staidéar uirthi, a thaifead agus gníomhú de bhun. Is gnéithe aitheanta iad Séadchomharthaí Adhlactha a dhátaíonn siar chomh fada leis an gClochaois agus ráthanna ó Thréimhse na Meánaoise Luath don dhíograiseoir oidhreachta áitiúil.

Tarlóidh sé nach mbeidh créfoirt nach bhfuil chomh feiceálach sin taifeadta ar do mhapa agus is feidir le do suirbhé allamuigh áitiúil an bearna seo a líonadh. Is annamh a dhéantar taifead ar ghnéithe a thagann chun cinn de bharr gníomhaíocht thalmhaíocht luath mar shampla. Coinnigh súil amach d'iomairí, do chosáin caorach, ballaí móna, cróite gabhar agus umairí stórála uisce báistí. Bí san airdeall ar fhulachta fiadh, ar fheartaigh srathach (fearta), láthair tithe os cionn leibhéal féir agus ballaí páirceanna, cosáin Aifrinn, sean bhóithre agus bealaí rochtana. Tóg grianghraif agus déan sceitsí. Déan cur síos ar an ngné i do leabhar nótaí allamuigh. Plé do chinntí leis an ngrúpa agus daoine eile.



*Tuama Dingeach i nDúiche Dhubh Ros, Cinn Mhara, Co. na Gaillimhe.*

Tá na gnéithe seandálaíochta ar fad atá sofheicthe marcáilte ar na mapaí 6 orlach agus ar mapaí an *Discovery series*. Is féidir mionchuntas a fháil ar na séadchomharthaí seo i bhFardal Seandálaíochta an Chontae. Beidh taifead den cineál séadchomhartha agus cá bhfuil sé (tá sé marcáilte sna mapaí tionlacain) le fáil i dTaifead Séadchomharthaí agus Áiteanna (RMP) an chontae. Dá bhrí sin tá sé réasúnta éasca teacht ar eolas faoi na séadchomharthaí seo.

Is fócas thábhachtach mar chuid d'oidhreacht pobail áitiúil iad reiligí agus tá suirbhéanna speisialaithe déanta ag cuid mhaith grúpaí ag déanamh taifead ar inscríbhinní chlocha cinn. Ó thaobh eolaíocht an nádúir dhe is minic gur tearmann don fhiadhúlra iad na reiligí. Coinnigh súil amach do speicis shaibhir talamh féaraigh ag déanamh tagairt don méid plandaí ar féidir agus ná déan dearmud ar na clocha cinn léicin-chlúdaithe, seans a léireodh úsáid acmhainní geolaíoch áitiúil. An bhfuil samplaí d'ealaíon leac uaighe dhúchasach agus marcanna nó ainmneacha saor cloiche i láthair? Cén sórt teorann atá mórthimpeall an reilig agus cén cruth atá aige?

Tá Suirbhé Reilige Chontae na Gaillimhe (2006), atá á chistiú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag an gComhairle Oidhreachta ag déanamh taifead ar an gcineál seo eolas agus beidh sé ar fáil i bhformáid bunachar sonraí.



*Cloch cinn léicin-chlúdaithe ag Míleac*

## CATAGÓIR 4
## Oidhreacht Thógtha

Nuair a dhéantar tagairt d'ailtireacht ag leibhéal áitiúil is é 'Teach Mór' an 18ú/19ú haois arb é baile mionuaisle na talún áitiúil é i dtosach a thagann chun cuimhne. Is gné thábhachtach den oidhreacht áitiúil iad na tithe seo ar chóir a scrúdú agus gnéithe ailtireachta an teach agus aon fhoirgneamh a bhaineann leis a thaifead ag úsáid grianghraif, sceitsí agus nótaí thuairisciúil.



***Teach Oighir, An Creigín, Baile na Coille, Co. na Gaillimhe***

Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas i dteannta le hiniúchadh oidhreachta na timpeallachta áitiúil:

- tithe dhúchasach
- foirgnimh feirme
- foirgnimh agus ballaí eastát
- foirgnimh poiblí
- foirgnimh tionscail
- geataí, piaraí, ráillí
- boscaí poist
- caidéil
- droichid
- ailtireacht iarnród
- ailtireacht uiscebhealaí



***Bosca Poist, Cill Bheúcanta, Co. na Gaillimhe***



Is i stíl na dtithe thraidisiúnta a fheictear ailtireacht dhúchasach den chuid is mó. Féach ar cá bhfuil an teallach, na seomraí, an doras, na simléir, an gcineál díon (díon gabhail éadain, díon leath-ghabhail éadain nó díon beannach), ábhar dín, cloch agus moirteál a úsáideadh. Is ábhar spéise é leagan amach agus foirmeacha na bhfoirgneamh feirme agus an grúpáil atá acu timpeall ar an dteach cónaithe agus is minic go léiríonn sé seo éagsúlachtaí réigiúnach.

I measc na bhfoirgneamh poiblí beidh scoileanna, séipéil, tithe na mbocht, tithe cúirte agus oifigí poist. Bhí oidhreacht eaglasta na Gaillimhe Thoir mar ábhar i bhfoilseachán a rinneadh le déanaí (Harbison, 2005) agus ar cheann de na gnéithe ba shuimiúla a tháinig ón staidéar seo ná saibhreas thraidisiún an ghloine daite sna séipéil tuaithe.  Ná déan dearmud na gnéithe atá taobh istigh mar aon le ghnéithe lasmuigh na bhfoirgneamh seo a dhoicimeádú!